Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2026/1837

27.7.2026

# CINNEADH (CBES) 2026/1837 ÓN gCOMHAIRLE

**an 24 Iúil 2026**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2023/1532 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise thacaíocht mhíleata na hIaráine do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus do ghrúpaí armtha agus eintitis sa Mheánoirthear agus i réigiún na Mara Rua, chomh maith le gníomhaíochtaí na hIaráine lena mbaintear an bonn den tsaoirse loingseoireachta sa Mheánoirthear**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 20 Iúil 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/1532 [1].

(2) Ar bhonn athbhreithniú ar Chinneadh (CBES) 2023/1532, ba cheart na bearta sriantacha a leagtar amach ann a athnuachan go dtí an 27 Iúil 2027.

(3) Chinn an Chomhairle gur cheart na hiontrálacha a bhaineann le ceathrar a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2023/1532 a scriosadh ón Iarscríbhinn sin.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (CBES) 2023/1532 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2023/1532 mar a leanas:

(1) in Airteagal 10, cuirtear '27 Iúil 2027' in ionad an dáta '27 Iúil 2026';

(2) leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

[1] Cinneadh (CBES) 2023/1532 ón gComhairle an 20 Iúil 2023 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise thacaíocht mhíleata na hIaráine do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus do ghrúpaí armtha agus eintitis sa Mheánoirthear agus i réigiún na Mara Rua, chomh maith le gníomhaíochtaí na hIaráine lena mbaintear an bonn den tsaoirse loingseoireachta sa Mheánoirthear (IO L 186, 25.7.2023, lch. 20, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/1532/oj).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Iúil 2026.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

T. BYRNE

*IARSCRÍBHINN*

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2023/1532, faoin gceannteideal 'A. Daoine nádúrtha', scriostar na hiontrálacha seo a leanas:

2. Mohammad Shahab KHANIAN

8. Gholam Ali RASHID

13. Behnam SHAHRIYARI

14. Ali SHADMANI.